Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Leaba agus Bricfeasta

Bhí Moya beagáinín buartha. Bhí sí díreach tar éis teacht go hÁrainn Mhór ar an mbád ó Ailt an Chorráin ach ní raibh aon lóistín aici ar an oileán. Chonaic sí grúpa de thithe ar thalamh ard in aice leis an gcéibh agus chuaigh sí ina dtreo. An chéad teach ar tháinig sí chuige, bhí comhartha lasmuigh de. Scríofa ar an gcomhartha bhí 'Súil le Muir, Leaba agus Bricfeasta'. Bhí cuma an-deas ar an teach. D'oscail Moya an geata beag adhmaid os comhair an tí agus shiúil sí i dtreo an dorais.
Sular shroich Moya an doras, d'oscail duine éigin an doras. Fear a bhí ann.
"Cad é mar atá tú?" arsa an fear.
"Táim go han-mhaith, go raibh maith agat," arsa Moya. "Táim ag iarraidh a fháil amach an bhfuil aon seomraí ar fáil agat. Duine amháin, do dhá oíche."
"Ó! Tá," arsa an fear. "Tá bean a' tí ag an siopa faoi láthair ach taispeánfaidh mise an seomra duit."

Canúint Chonnacht

Teach Nua?

Bhí Peadar ag dul abhaile go Ros a' Mhíl. Bhí sé tar éis a chailín Cáit a fhágáil ag a teach i mBóthar na Trá i nGaillimh. Bhí siad tar éis an deireadh seachtaine a chaitheamh i mBaile Átha Cliath. Thosaigh Peadar ag féachaint ar na tithe áille ar deis agus ar clé agus é ag tiomáint siar bóthar Chois Fharraige. Nach mbeadh sé go deas, arsa Peadar leis féin, dá mbeadh ceann de na tithe sin aige féin agus ag Cáit.

Níorbh fhada gur shroich Peadar An Spidéal. Ní raibh sé ar intinn aige stopadh ach nuair a chonaic sé spás díreach lasmuigh d'oifig an cheantálaí, tharraing sé isteach. Bhí pictiúir de go leor tithe san fhuinneog. D'aithin sé roinnt de na tithe. Bhí siad feicthe aige ar a bhealach ó Ghaillimh.
"Tá sé chomh maith dom bualadh isteach anseo," arsa Peadar leis féin.

Canúint na Mumhan

Rúitín Briste

Nuair a tháinig Muiris anuas ar an talamh crua bhí a fhios aige láithreach go raibh damáiste déanta aige da rúitín. Chaith sé uaidh an liathróid. Rith an bainisteoir na foirne, Seán Ó Máille amach chuige. Ní raibh Muiris in ann leanúint ar aghaidh ag imirt. Chabhraigh an Bainisteoir leis seasamh agus chabhraigh sé leis a bhealach a dhéanamh go dtí an taobhlíne ar leathchois. Shuigh Muiris ar an taobhlíne. Bhain sé a bhróg peile de. Bhí a cheann ina lámha aige. Bhí Seán Ó Máille ag rith suas agus síos an taobhlíne ag béiceadh leis na himreoirí ar fhoireann Ghaeil Chonamara. Tar éis dhá nóiméad dá chéad chluiche peile i mBoston agus ar a chéad lá i mBoston, níor fhéach rudaí go maith do Mhuiris.